AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS
DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY

Irish Naturalisation and Immigration Service

Information Notice - Commencement of the International Protection Act 2015

The Tánaiste and Minister for Justice and Equality, Frances Fitzgerald TD has advanced the preparations for the commencement of the principal provisions of the International Protection Act 2015, providing for the introduction of a single application procedure for people seeking international protection. The 2015 Act replaces the current sequential asylum application system with a single application process, bringing Ireland into line with the processing arrangements of all other EU Member States. The commencement of the Act on 31 December, 2016, is the most substantial reform in the international protection application area in two decades to determine certainty of status at an earlier stage for those entitled to seek international protection within the State.

All applications for international protection from 31 December, 2016 will be processed under the new arrangements, by the new Chief International Protection Officer (replacing the Refugee Applications Commissioner) and any appeals arising will be heard by the new International Protection Appeals Tribunal (replacing the Refugee Appeals Tribunal).

Three separate stand-alone provisions relating to immigration and deportation were commenced earlier this year.

Further details can be found on the website of the Office of the Refugee Applications Commissioner (www.orac.ie) and from 1 January 2017 (www.ipo.gov.ie)

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS

Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann

Fógra Eolais – Tosach feidhme an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015

Tá an Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Proinséas Mhic Gearailt TD, tar éis na hullmhúcháin i gcomhair thosach feidhme phríomhfhorálacha an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, lena ndéantar socrú maidir le nós imeachta aonair iarratais le haghaidh daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu, a chur chun cinn. Le hAcht 2015 gabhann próiseas aonair iarratais ionad an chórais reatha iarratais sheicheamhaigh ar thearmann, agus cuirtear Éire i gcomhréir le socruithe próiseála na mBallstát eile den AE. Is é tosach feidhme an Achta ar an 31 Nollaig, 2016, an t-achóiriú is substaintiúla i réimse an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta le scór bliain chun cinnteacht stádais a chinneadh ag céim níos luaithe le haghaidh na ndaoine atá i dteideal cosaint idirnáisiúnta a lorg laistigh den Stát.

Déanfaidh an Príomh-Oifigeach Cosanta Idirnáisiúnta nua (a ghabhann ionad an Choimisinéara Iarratas Dídeanaithe) gach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ón 31 Nollaig, 2016, a phróiseáil faoi na socruithe nua agus déanfaidh an Binse nua Achomhairc um Chosaint Idirnáisúnta (a ghabhann ionad an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe) aon achomhairc a thiocfaidh chun cinn a éisteacht.

Cuireadh tús le trí fhoráil neamhspleácha ar leith a bhaineann le hinimirce agus ionnarbadh níos luaithe i mbliana.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ar shuíomh gréasáin Oifig an Choimisinéara Iarratas Dídeanaithe (www.orac.ie) agus ón 1 Eanáir 2017 (www.ipo.gov.ie).

Irish Times	33x2 83
Irish Independent	33x2 83
Irish Examiner	33x2 82

MP